An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority





# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

## 2023



# An Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| Sainmhínithe | | 4 |
| An Brollach | | 5 |
| 1. | An Réamhrá | 6 |
| | Próifíl an Údaráis | 7 |
| | Céard air a dtuairiscímid? | 7 |
| 2. | Ráiteas faoin mBearna Phá idir na hInscní | 8 |
| | Na Príomhthorthaí | 9 |
| 3. | Tacú le Comhionannas Inscne | 10 |
| 4. | Conclúid | 11 |


**Is é -1.5% an bhearna phá idir na hinscní le haghaidh 2023 sa HSA. Léiríonn sé sin tiomantas an Údaráis do chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag idir fhir agus mhná ar na leibhéil uile agus go gcuimsítear go comhionann iad sna róil ar na leibhéil shinsearacha.**

# Sainmhínithe

ciallaíonn **“dáta ábhartha”** an dáta, i mí an Mheithimh gach bliain, a roghnaíonn fostóir ábhartha chun críocha na Rialachán.

tá le **“fostaí páirtaimseartha”** an bhrí a thugtar dó le halt 7 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

ciallaíonn **“fostóir ábhartha”** fostóir ag a bhfuil os cionn 250 fostaí ar an dáta léargais.

ciallaíonn **“liúntas”** suim airgid iníoctha le fostaí ábhartha a bhaineann le dualgais bhreise an fhostaí; suíomh ionad fostaíochta an fhostaí; ceannach, léasú nó cothabháil feithicle nó earra a úsáideann an fostaí dá f(h)ostaíocht; nó, earcaíocht agus coinneáil an fhostaí. Ní áirítear leis aisíoc caiteachais a thabhaigh an fostaí go hiomlán agus de riachtanas i rith a f(h)ostaíochta, mar shampla, aisíoc as costais taistil a bhaineann leis an obair.

áirítear le **“sochair chomhchineáil”** aon sochar neamhairgid a bhfuil luach airgid air a thugtar d’fhostaí. D’áireofaí leis sin carr cuideachta, árachas sláinte saorálach, scair-roghanna, nó scéimeanna ceannaigh scaireanna a sholáthar.

ciallaíonn **“tascobair”** obair a bhfuil fostaí ábhartha i dteideal íocaíochta as bunaithe ar an líon píosaí a dhéanann nó a phróiseálann an fostaí, nó an líon tascanna a dhéanann an fostaí, seachas bunaithe ar an tréimhse a oibríodh.

ciallaíonn **“tréimhse pá ábhartha”** an tréimhse 12 mhí a chríochnaíonn ar an dáta ábhartha.

ciallaíonn **“uainphréimh”** an difríocht idir an bunphá agus aon ráta níos airde a íocann an fostóir as obair i rith amanna difriúla den lá nó den oíche.

ciallaíonn **“uaireanta oibre”** na huaireanta a mbíonn fostaí ábhartha ar fáil, nó a cheanglaítear ar an bhfostaí ábhartha a bheith ar fáil, ag nó gar don ionad fostaíochta chun críocha oibre, d’ainneoin go gcodlaíonn an fostaí ábhartha, de réir socrú, ag nó gar don ionad fostaíochta agus go soláthraíonn an fostóir ábhartha saoráidí feiliúnacha codlata don fhostaí ábhartha sin.

# An Brollach



**Conor O'Brien**
*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

**Is cúis áthais dom an chéad tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní a chur i láthair don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá foilsiú ár gcéad tuarascála ar an mBearna Phá idir na hInscní ina chuid dár dtiomantas leanúnach áit oibre ionchuimsitheach a chur ar fáil dár bhfoireann ar fad. Is díol sásaimh dom a thuairisciú go bhfuil staid sách cothrom ann le bearna phá idir na hinscní de -1.5% le haghaidh 2023. Ciallaíonn an bhearna phá dhiúltach sin go bhfuil meánráta pá na mban in aghaidh na huaire níos airde ná meánráta pá na bhfear.**

Léiríonn an bhearna phá idir na hinscní de -1.5% le haghaidh 2023 tiomantas an Údaráis do chinntiú go bhfuil ionadaíocht ag idir fhir agus mhná ar na leibhéil uile agus go gcuimsítear go comhionann iad sna róil ar na leibhéil shinsearacha. Agus muid ag féachaint níos doimhne ar ár sonraí, is léir gur mná iad formhór na foirne a bhaineann leas as na roghanna oibre solúbtha. Tagann sé sin le treochtaí a fheicimid in áiteanna eile. Táimid tiomanta do leanúint de roghanna oibre solúbtha a sholáthar agus do thacú le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil don fhoireann ar fad.

In 2023, d'fhoilsigh an tÚdarás a chéad Straitéis Daoine a leabóidh ár gcultúr ionchuimsithe a thuilleadh agus a thacóidh leo siúd a dteastaíonn uathu gairm bheatha a fháil linn. Sa cháipéis straitéiseacha fadréimseach seo, tugaimid tiomantas do Ráiteas Beartais maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a fhorbairt in 2024.

Is iad ár ndaoine an acmhainn is tábhachtaí atá againn, agus tugann an tuarascáil seo deis eile a léiriú gur áit é an tÚdarás ina mbíonn comhionannas deiseanna ag cách. Mar eagraíocht shonraí-threoraithe, braitheann an tÚdarás ar fud a shainordaithe leathain ar anailís staitistiúil mar bhonn ar a dtógfaimid cláir, tionscnaimh agus tacaíochtaí amach anseo, ionas gur fearr a chomhlíonfaimid ár bhfís de shaolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla. Ar an gcaoi chéanna, imreoidh na sonraí sa tuarascáil seo tionchar ar ár mbeartais agus ár nósanna imeachta amach anseo chun lucht saothair níos spleodraí agus níos ionchuimsithí a fhorbairt.

# 1 An Réamhrá

**Thug an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 an bonn reachtach isteach le haghaidh tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní in Éirinn. Éilíonn an tAcht ar eagraíochtaí tuairisciú ar a mbearna phá in aghaidh na huaire idir na hinscní i raon méadrachtaí. Tháinig na rialacháin faoin Acht i bhfeidhm an 31 Bealtaine 2022 agus foilsíodh iad i Leabhar Reachtanna na hÉireann.**

Éilíonn na rialacháin sin ar eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí tuairisciú ar a mBearna Phá idir na hInscní trí thagairt dá bhfostaithe ar dháta léargais ar leith i mí an Mheithimh. Éilítear ar eagraíochtaí freisin ráiteas scríofa a fhoilsiú ina leagtar amach na cúiseanna leis na difríochtaí i méadrachtaí na bearna pá idir na hinscní agus na bearta (más ann dóibh) atá á ndéanamh, nó a mholtar a dhéanamh, chun deireadh a chur leis na difríochtaí sin nó iad a laghdú. Shroich an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an tairseach 250 fostaí in 2023, agus dá bhrí sin tá an chéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní á foilsiú againn.

Is é an 22 Meitheamh an dáta léargais, mar gurbh é sin an dáta deiridh íocaíochta pá i mí an Mheithimh 2023. Is é an 21 Meitheamh 2022 go dtí an 22 Meitheamh 2023 an tréimhse tuairiscithe.

Tá difríocht thábhachtach idir pá éagothrom agus an bhearna phá idir na hinscní, agus bíonn bunchúiseanna difriúla leo. Tá níos lú a íoc le mná ná fir as an bpost céanna a dhéanamh, díreach mar gheall ar a n-inscne, in aghaidh an dlí agus tugtar aghaidh air go soiléir i reachtaíocht comhionannais na hÉireann. Íoctar tuarastal bunaithe ar scálaí tuarastail comhaontaithe na hearnála poiblí leis an bhfoireann ar fad san Údarás. Cuirtear na scálaí pá sin i bhfeidhm ar mhná agus ar fhir araon de réir an ghráid ábhartha agus an phointe incrimintigh a bhaineann lena seirbhís.

Tagraíonn an bhearna phá idir na hinscní don bhearna idir an méid a thuilleann mná agus fir ar an meán bunaithe ar an meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire atá ag na fostaithe íoctha ar fad – ní fir agus mná a dhéanann an post céanna amháin, ná fir agus mná ag a bhfuil an taithí nó an patrún oibre céanna. Ní léiríonn ná ní shainaithníonn sé idirdhealú ná claonadh ná fiú easpa pá chomhionainn as obair ar comhionann a luach.

**Tagraíonn an bhearna phá idir na hinscní don bhearna idir an méid a thuilleann mná agus fir ar an meán bunaithe ar an meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire atá ag na fostaithe íoctha ar fad.**

## Próifíl an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, ar tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina áit ó shin. Bronnadh feidhmeanna breise ar an Údarás ina dhiaidh sin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. In 2014, cuimsíodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) i bhfeidhmeanna an Údaráis.

Tuairiscíonn an tÚdarás don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol faoi údarás tarmligthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Áirítear leis na príomhróil reachtacha na réimsí Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, Ceimiceáin, Faireachas Margaidh agus Creidiúnú. Is é misean an Údaráis saol oibre sábháilte agus sláintiúil a bhaint amach do mhuintir na hÉireann agus timpeallacht a chothú ina mbíonn gnóthaí in ann fás agus forbairt. Chomh maith leis sin, a fheiceáil go gcosnaítear sláinte an duine trí úsáid shábháilte ceimiceán san obair agus lasmuigh di, agus a chinntiú go mbíonn soláthraithe seirbhísí agus táirgí creidiúnaithe, a chuirfidh mar sin le muinín a gcustaiméirí agus a gcliant.

## Céard air a dtuairiscímid?

**Éilítear faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 go dtuairisceofaí ar na bearta seo a leanas.**

**An bhearna phá mheánach idir na hinscní** – an difríocht idir an meánráta pá in aghaidh na huaire atá ag fostaithe ábhartha lánaimseartha agus páirtaimseartha fireanna agus fostaithe ábhartha lánaimseartha agus páirtaimseartha baineanna, agus oibrithe sealadacha. Cuirtear é sin in iúl mar chéatadán den fhigiúr fireann in aghaidh na huaire. Má bhíonn an figiúr sin dearfach, tá an meánráta in aghaidh na huaire atá ag fir níos airde ná an meánráta in aghaidh na huaire atá ag mná. Os a choinne sin, má bhíonn an figiúr sin diúltach, ciallaíonn sé go bhfuil an meánráta in aghaidh na huaire atá ag mná níos airde ná an meánráta in aghaidh na huaire atá ag fir.

**An bhearna phá airmheánach idir na hinscní** – an difríocht idir an ráta pá airmheánach (lár an raoin) in aghaidh na huaire atá ag fostaithe ábhartha lánaimseartha agus páirtaimseartha fireanna agus fostaithe ábhartha lánaimseartha agus páirtaimseartha baineanna, agus oibrithe sealadacha.

**An bhearna bhónais airmheánach** – an difríocht idir an pá bónais airmheánach a íoctar le fostaithe ábhartha fireanna agus é sin a íoctar le fostaithe ábhartha baineanna.

**An bhearna bhónais mheánach** – an difríocht idir an meánphá bónais a íoctar le fostaithe ábhartha fireanna agus é sin a íoctar le fostaithe ábhartha baineanna.

**An bhearna shochair chomhchineáil mheánach** – an difríocht idir an meánsochar comhchineáil a fuair fostaithe ábhartha fireanna agus é sin a fuair fostaithe ábhartha baineanna.

**An bhearna shochair chomhchineáil airmheánach** – an difríocht idir an sochar comhchineáil airmheánach a fuair fostaithe ábhartha fireanna agus é sin a fuair fostaithe ábhartha baineanna.


**Bandaí pá ceathairíle** – cion na bhfostaithe ábhartha lánaimseartha fireanna agus baineanna sna bandaí pá ceathairíle íochtair, íosláir, uasláir agus uachtair.

Éilítear sa reachtaíocht freisin go dtabharfadh eagraíochtaí breac-chuntas ar na céimeanna atá á nglacadh nó atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearna a shainaithnítear.

Má thuairiscíonn eagraíocht bearna phá dhearfach idir na hinscní, ní chiallaíonn sé sin go n-íoctar níos lú le mná ná le fir as an bpost céanna a dhéanamh, ach léiríonn sé go bhfuil, ar an meán, róil ina n-íoctar pá níos airde ag fir ná mná; agus ciallaíonn a mhalairt an rud céanna. Bíonn difríochtaí le brath uaireanta i mbearnaí pá idir na hinscní ó mhí go mí agus i measc bandaí pá ceathairíle, ag brath ar athruithe ar líon na ndaoine. Ach tabharfaidh figiúirí ceannlíne léargas maith ar an difríocht idir meántuilleamh na bhfear agus na mban.

# 2 Ráiteas faoin mBearna Phá idir na hInscní

Is é
**-1.54%**
an bhearna phá idir na hinscní le haghaidh 2023 san Údarás




**Ar an dáta léargais, bhí 253 comhalta foirne fostaithe ag an Údarás,**
- **b'fhir 46% agus**
- **ba mhná 54%.**

**Ríomhadh na méadrachtaí seo a leanas ag úsáid dháta léargais an 22 Meitheamh 2023 agus áiríodh sonraí ón 12 mhí roimhe sin ann.**

## Tábla 1 – Líon na nDaoine

| Líon na nDaoine | Lánaimseartha | Páirtaimseartha* | Saoire Gan Phá** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fir | 114 | 2 | 1 | 117 |
| Mná | 110 | 25 | 1 | 136 |
| | | | | 253 |

* Áirítear le Páirtaimseartha iad siúd a bhaineann leas as Bliain Oibre Níos Giorra agus Conarthaí Uaireanta Laghdaithe ar an dáta léargais.
** Áirítear le Saoire Gan Phá na comhaltaí foirne a bhí ag baint leas as Saoire Cúramóirí agus Saoire Mháithreachais Gan Phá ar an dáta léargais.

## Tábla 2 – Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

| Méadracht Tuairiscithe ar an mBearna Phá idir na hInscní | Bearna (mar chéatadán) |
|---|---|
| An bhearna phá mheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (An fhoireann ar fad) | -1.54% |
| An bhearna phá mheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (Páirtaimseartha) | -1.16% |
| An bhearna phá mheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (Sealadach) | n/b |
| An bhearna phá airmheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (An fhoireann ar fad) | 1.52% |
| An bhearna phá airmheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (Páirtaimseartha) | 4.84% |
| An bhearna phá airmheánach in aghaidh na huaire idir na hinscní (Sealadach) | n/b |
| An bhearna phá bónais mheánach idir na hinscní | n/b |
| An bhearna phá bónais airmheánach idir na hinscní | n/b |
| Céatadán na bhfostaithe a fhaigheann bónas | n/b |
| Céatadán na bhfostaithe a fhaigheann sochar comhchineáil | n/b |
| Céatadán na bhfostaithe sa bhanda pá ceathairíle luacha saothair íochtair | Fir 52% Mná 48% |
| Céatadán na bhfostaithe sa bhanda pá ceathairíle luacha saothair íosláir | Fir 39% Mná 61% |
| Céatadán na bhfostaithe sa bhanda pá ceathairíle luacha saothair uasláir | Fir 48% Mná 52% |
| Céatadán na bhfostaithe sa bhanda pá ceathairíle luacha saothair uachtair | Fir 46% Mná 54% |



# Na Príomhthorthaí

Léiríonn an bhearna phá mheánach idir na hinscní don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta go n-íoctar, ar an meán, pá 1.54% níos airde le mná ná fir. Ach oiread le gach eagraíocht eile sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, íocann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta pá comhionann le fir agus le mná ar na gráid chéanna. Eascraíonn an difríocht sa phá meánach as an líon ban atá i róil shinsearacha, toisc gur mhó é ná líon na bhfear sna róil sin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Is é 1.52% an bhearna phá airmheánach idir na hinscní. Is í an bhearna phá airmheánach idir na hinscní an difríocht idir pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann mná (an bhean a bhfuil a pá i lár gach duine) agus an pá airmheánach in aghaidh na huaire a fhaigheann fir (an fear a bhfuil a phá i lár gach duine). Ríomhtar an tuarastal airmheánach in aghaidh na huaire trí na fostaithe ar fad a chur in ord ón té is airde íocaíocht go dtí an té is ísle íocaíocht agus ansin tuarastal in aghaidh na huaire an duine sa lár a thógáil.

Leagtar amach na rátaí pá le haghaidh gach gráid i scálaí pá foilsithe a bhíonn i bhfeidhm ar an bhfoireann ar fad. Dá réir, eascraíonn an bhearna phá idir na hinscní as an difríocht i gcion na bhfostaithe fireanna agus baineanna ag gráid ar leith. I gcás fostaithe páirtaimseartha, is mná iad formhór na foirne a bhaineann leas as roghanna oibre solúbtha, uaireanta oibre laghdaithe ina measc. Tá sé ábhartha freisin cé go bhfaigheann an fhoireann a bhaineann leas as saoire mháithreachais íocaíocht bhreise suas go dtí a leibhéal tuarastail conartha, i ríomh na bhfigiúirí seo, cuireadh aon íocaíocht Leasa Shóisialaigh as an áireamh.

**Is féidir le cúinsí casta éagsúla dul i bhfeidhm ar dhifríochtaí pá idir na fostaithe, ina measc:**

- **Leithscaradh ceirde** – d'fhéadfadh gur mheall catagóirí poist nó ceirdeanna áirithe níos mó ban ná fear go traidisiúnta, nó a mhalairt.
- **Patrúin oibre** – obair lánaimseartha agus pháirtaimseartha. D'fhéadfadh go lorgaíonn níos mó ban ná fear obair pháirtaimseartha nó sosanna gairme, agus cé nach dtéann sé sin i bhfeidhm ar a ráta pá in aghaidh na huaire, d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar roghanna faoi dhul chun cinn gairme. Laistigh den Údarás, tá an patrún sin le feiceáil freisin, áit a mbaineann níos mó den fhoireann bhaineann leas as roghanna uaireanta laghdaithe agus sosa gairme.
- **Fad seirbhíse** – d'fhéadfadh méaduithe pá incriminteacha a fhágáil go n-íoctar níos lú le foireann nua ná le fostaithe a bhfuil níos mó taithí acu. Tá líon suntasach foirne ag an Údarás a bhfuil seirbhís shubstaintiúil acu san eagraíocht, agus dá bhrí sin tá méaduithe bainte amach acu ar scálaí pá incriminteacha.
- **Miondealú de réir inscne ar róil shinsearacha ar thuarastail níos airde** – is féidir le líon beag fostaithe a fhaigheann pá ard dul i bhfeidhm ar na meánfhigiúirí.
- **Miondealú de réir inscne ar róil ar thuarastail níos ísle** – is féidir le líon mór fostaithe a fhaigheann pá níos ísle dul i bhfeidhm ar an meánfhigiúr.

# 3 Tacú le Comhionannas Inscne

Tugann an tÚdarás tacaíocht iomlán don fhoireann ar fad ar gach grád a dteastaíonn uathu leas a bhaint as tionscnaimh oibre solúbtha. Cé go mbíonn na roghanna oibre solúbtha ar fad ar fáil don fhoireann ar fad, sainaithníodh go bhfuil an cion den fhoireann bhaineann ar ghráid níos airde a bhaineann leas as roghanna oibre solúbtha níos airde ná a gcomhghleacaithe fireanna.

In 2023, sheol an tÚdarás a chéad Straitéis Daoine, 'Empowering our Future'. Tugtar breac-cuntas sa straitéis sin ar roinnt tionscnamh chun roghanna oibre solúbtha a leabú níos mó, ina measc obair chumaisc agus tionscnaimh Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe a fhorbairt chun tacú leis an bhfoireann agus le hobair an Údaráis.

Cé gurb é seo an chéad bhliain den tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní, cuireann an tÚdarás comhionannas deiseanna chun cinn ar go leor bealaí, ina measc:

- **Cleachtais earcaíochta chothroma agus thrédhearcacha, agus deiseanna láidre chun dul chun cinn a dhéanamh sa ghairm a bhíonn ar fáil do na fostaithe ar fad.**
- **Raon leathan de roghanna oibre solúbtha agus saoirí, ina measc saoire cúramóirí, sosanna gairme, saoire mháithreachais agus uchtaithe le pá, saoire aithreachais le pá, saoire do thuismitheoirí, scéime bliana oibre níos giorra agus postroinnt.**
- **Anuas air sin, tá obair chumaisc ina cuid dár gcleachtais oibre solúbtha anois ina dtugtar roghanna solúbtha chun meascán den obair ar an láthair agus cianobair a dhéanamh.**
- **Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta freisin do dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil ionas gur féidir leis na fostaithe ar fad a lánchumas a fhorbairt, agus bíonn saoire staidéir agus scrúdaithe ar fáil freisin.**
- **Tá soláthar cuimsitheach sláinte agus folláine ann, ina measc seirbhís cúnaimh d'fhostaithe, seirbhís sláinte ceirde agus coiste folláine gníomhach.**

**Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta do dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil ionas gur féidir leis na fostaithe ar fad a lánchumas a fhorbairt**

# 4 Conclúid

**Is í seo an chéad tuarascáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an mBearna Phá idir na hInscní. Is é -1.54% an bhearna phá mheánach idir na hinscní agus is é 1.52% an bhearna phá airmheánach idir na hinscní.**

Léirítear sa tuarascáil seo staid sách cothrom idir tuilleamh na bhfear agus tuilleamh na mban sa tréimhse tuairiscithe. Léiríonn anailís bhreise ar na sonraí gur mó mná ná fir a bhaineann leas as na roghanna oibre solúbtha, laghdú ar uaireanta oibre ina measc. Beidh na sonraí sin ina mbonnlíne a úsáidfidh an tÚdarás chun a thiomantais do chomhionannas deiseanna do chách anois agus amach anseo a fhorbairt.



# Ár bhFís:
# Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

**Guthán: 0818 289 389**
**Ríomhphost: contactus@hsa.ie**

**www.hsa.ie**

HSA Part No. HSA0523

ISBN 978-1-84496-298-3